



An Rialáil  
Carthanas  

---

Charities  
Regulator

# An Cód Rialachais do Charthanasais

### **Séanadh Dílíúil**

Tá an cód rialachais seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Is é is aidhm dó tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh trí chórais agus próisis a chur i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo a gcuspóir carthanúil a chur ar aghaidh agus leas pobail a sholáthar agus a chinntiú go mbainistítear carthanais ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.

Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Moltar d'iontaobhaithe carthanais a gcomhairle dlí féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dlíteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa chód rialachais seo.

# Clár Ábhar

<b>Maidir leis an gCód Rialachais do Charthanas.....</b>	<b>5</b>
Cad a leagtar amach sa Chód?.....	5
Cé ar a bhfuil an Cód dírithe?.....	6
Cén fáth ar scríobhamar an Cód?.....	6
<b>Conas ba cheart duit an Cód a úsáid?.....</b>	<b>7</b>
Á thaispeáint cé chomh maith agus atá an Cód á chomhlíonadh agat.....	8
Na dualgais dhlíthiúla atá ar iontaobhaithe carthanas.....	10
<b>Na deich gcéim de thuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh.....</b>	<b>11</b>
<b>Na sé phrionsabal um rialachas carthanas.....</b>	<b>13</b>
Prionsabal 1: Cuspóir carthanúil a chur ar aghaidh.....	14
Prionsabal 2: Iompar le hionracas.....	16
Prionsabal 3: Daoine a stiúradh.....	18
Prionsabal 4: Rialú a fheidhmiú.....	20
Prionsabal 5: Obair go héifeachtach.....	22
Prionsabal 6: Bheith cuntasach agus trédhearcach.....	24
<b>Aguisíní.....</b>	<b>27</b>
Aguisín 1: Gluais de na téarmaí a úsáidtear.....	28
Aguisín 2: An Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh.....	37
Aguisín 3: Acmhainní.....	50

---

**Mínítear sa Chód Rialachais seo do  
Charthanais na híoschaighdeáin ar cheart duit  
iad a chomhlíonadh chun do charthanas a  
bhainistiú agus a rialú go héifeachtach.**

## Maidir leis an gCód Rialachais do Charthanas

Mínítear sa Chód Rialachais seo do Charthanas na híoschaighdeáin ar cheart duit iad a chomhlíonadh chun do charthanas a bhainistiú agus a rialú go héifeachtach. Is é atá i gceist le dea-rialachas ná córais agus próisis a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaineann do charthanas a chuspóirí carthanúla amach le hionracas agus go mbainistítear é ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.

Chuireamar gluais de na téarmaí a úsáidimid sa treoir seo ar áireamh ar leathanaigh 28 go 36.

Sa doiciméad seo, is ionann an ‘Cód’ agus an Cód Rialachais seo do Charthanas.

## Cad a leagtar amach sa Chód?

Leagtar amach sa Chód Rialachais do Charthanas:

- na sé phrionsabal um rialachas ar cheart do gach carthanas iad a chur i bhfeidhm;
- na croíchaighdeáin a bhfuilimid ag súil go gcomhlíonfaidh gach carthanas iad agus na prionsabail á gcur i ngníomh acu; agus
- caighdeáin bhreise lena léirítear an dea-chleachtas do charthanas ag a bhfuil ardleibhéil ioncaim agus/nó struchtúir chasta eagrúcháin agus chistiúcháin agus/nó líon suntasach fostaithe.

Agus an Cód á scríobh againn, thugamar aird ar charthanas atá comhdhéanta d’oibríthe deonacha amháin agus ar charthanas a bhfuil líon beag ball foirne íoctha acu. Rinneamar amhlaidh chun fíorscéal na hearnála carthanas in Éirinn a léiriú, áit a bhfuil an dá ghrúpa sin freagrach as formhór na gcarthanas cláraithe.

Cuireadh caighdeáin bhreise rialachais ar áireamh sa Chód freisin. Is caighdeáin iad sin a bhfuilimid ag súil go gcomhlíonfaidh na carthanas is casta iad.

Ar na cúiseanna sin, tá an Cód seo ábhartha do gach carthanas a oibríonn in Éirinn.

---

## Cé ar a bhfuil an Cód dírithe?

Tá an doiciméad seo dírithe ar iontaobhaithe carthanais. Is féidir leis na daoine seo a leanas teacht faoin téarma ‘iontaobhaí carthanais’:

- comhaltaí coiste;
- comhaltaí comhairle;
- comhaltaí boird; nó
- stiúrthóirí de chuid carthanais.

De réir an dlí, tá freagracht aonair agus freagracht chomhpháirteach araon ar iontaobhaithe carthanais as a dtarlaíonn laistigh dá gcarthanas. Mar sin, mura gcomhlíonann a gcarthanas na dualgais dhlíthiúla atá air, beidh na hiontaobhaithe freagrach mar dhaoine aonair agus mar chomhaltaí de bhord, de choiste, de chomhairle nó de chroíghrúpa eile (dá ngairtear an ‘bord’ sa Chód seo).

## Cén fáth ar scríobhamar an Cód?

I mí an Mhárta 2017, chuir an Rialálaí Carthanas Painéal Comhairleach ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla ar bun. Foilsíodh an tuarascáil ón bPainéal<sup>1</sup> i mí na Bealtaine 2018 agus rinneadh 10 moladh inti, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Ba cheart Cód Rialachais nua a bheith ann do charthanais, rud a n-eiseodh an Rialálaí Carthanas é agus a mbeadh mar aidhm leis feabhas ar riar, bainistiú agus rialachas eagraíochtaí carthanúla a éascú;
- Ba cheart an Cód Rialachais nua a bheith bunaithe ar phrionsabail agus ba cheart é a oibriú ar bhonn ‘comhlíonadh nó míniú’;
- Ba cheart an Cód Rialachais nua a bheith comhréireach.

### **A bhuí leis an gCód seo, cabhrófar le hiontaobhaithe carthanais na dualgais dhlíthiúla atá orthu faoin dlí carthanas a chomhlíonadh.**

Is eol don Rialálaí Carthanas nach mór do charthanais áirithe rialacha agus cóid eile a bhaineann go sonrach lena réimse oibre féin a chomhlíonadh freisin. Is é aidhm shonrach an Chóid seo cabhrú le hiontaobhaithe carthanais dea-chórais agus dea-phróisis rialachais a chur i bhfeidhm, ar nithe iad lena dtabharfar cúnamh dóibh na dualgais dhlíthiúla atá orthu faoin dlí carthanas a chomhlíonadh. (Féach Na dualgais dhlíthiúla ar leathanach 10).

---

1 Tuarascáil ón bPainéal Comhairleach ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla’ - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1389/report-of-the-consultative-panel-may-2018.pdf>

## Conas ba cheart duit an Cód a úsáid?

Ba cheart duit an Cód seo a léamh agus eolas a chur ar na sé phrionsabal agus ar na caighdeáin – na croíchaighdeáin agus na caighdeáin bhreise araon – atá leagtha amach ann. Ní mór duit an Cód a chomhlíonadh ansin trína chinneadh:

- cé na gníomhartha a dhéanfaidh tú chun gach croíchaighdeán a chomhlíonadh; agus
- cén fhianaise a choinneoidh tú chun a thaispeáint gur chomhlíon tú an caighdeán.

Chun go mbeidh sé éasca duit an fhaisnéis sin a thabhairt dúinn, chuireamar ‘Foirm um Chomhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanas a Thaifeadadh’ ar áireamh ag deireadh an doiciméid seo. Gairtear an ‘Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh’ den fhoirm sin sa Chód seo freisin. Tá foirm ar féidir leat í a chur in eagar ar fáil ar ár suíomh Gréasáin freisin<sup>2</sup>.

Táimid ag súil go gcomhlíonfaidh gach carthanas na croíchaighdeáin uile atá leagtha amach sa Chód seo, ach amháin i gcás nach mbaineann croíchaighdeán ar leith leis an gcarthanas. Mar shampla, más carthanas atá comhdhéanta d’oibrithe deonacha amháin é do charthanas, ní bheidh sé in ann na croíchaighdeáin a bhaineann le carthanas a fhostaíonn baill foirne a chomhlíonadh.

Táimid ag súil go gcomhlíonfaidh na carthanas is casta na croíchaighdeáin agus na caighdeáin bhreise araon atá leagtha amach sa Chód seo. Ba cheart do gach carthanas a chinneadh dó féin cé acu ba cheart nó nár cheart dó na caighdeáin bhreise a chomhlíonadh. Ba cheart dó an cinneadh sin a bhunú ar tháscairí cosúil leo seo a leanas:

- ioncam do charthanas;
- an líon fostaithe atá agat; agus
- a chasta atá do chuid gníomhaíochtaí, ar nós
  - obair le daoine soghonta,
  - oibriú thar lear, nó
  - líon mór oibrithe deonacha a bheith agat.

Tá seans ann go gcinnfidh carthanas áirithe, is cuma cé chomh casta agus atá siad, roinnt nó gach ceann de na caighdeáin bhreise a chomhlíonadh i gcás go bhfuil acu an acmhainn eagrúcháin a theastaíonn chun déanamh amhlaidh.

---

2 Is féidir an ‘Fhoirm um Chomhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanas a Thaifeadadh’ a íoslódáil ónár suíomh Gréasáin - [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

## Á thaispeáint cé chomh maith agus atá an Cód á chomhlíonadh agat

Ní mór do gach carthanas tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Rialálaí Carthanas. Mar chuid de do thuarascáil bhliantúil, ní mór duit a lua cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann do charthanas an Cód. Mura bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag do charthanas, iarrfaimid ort a mhíniú cén fáth. D'fhéadfadh go mbeadh na cúiseanna seo a leanas ina gcúiseanna bailí le neamhchomhlíonadh:

- Tá do charthanas á fhoirceannadh.
- Is carthanas nuabhunaithe é do charthanas agus teastaíonn tuilleadh ama uaidh chun lánchomhlíonadh a bhaint amach.

### Conas tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh

Chun an Cód a chomhlíonadh, ní mór duit an Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh (atá le fáil ag deireadh an doiciméid seo agus ar ár suíomh Gréasáin) a chomhlánú gach bliain. Is gá duit a shainaithint ar an bhfoirm cé na gníomhartha a rinne tú le linn na bliana chun gach caighdeán a chomhlíonadh.

### Ní mór duit an Fhoirm seo um Chomhlíonadh a Thaifeadadh a chomhlánú toisc go bhféadfadh an Rialálaí Carthanas í a iarraidh am ar bith.

Is eol dúinn nach ionann aon dá charthanas. Ar an gcúis sin, úsáidimid teanga leathan i ngach caighdeán ionas gur féidir leat a roghnú conas a chomhlíonfaidh do charthanas na caighdeáin ar bhealach a oireann d'imthosca sonracha do charthanais.

### Sampla

Úsáidtear frásaí amhail 'go rialta' agus 'ó am go chéile' ionas gur féidir le do bhord iontaobhaithe carthanais a phlé, a chomhaontú agus a dhoiciméadú cén tréimhse ama is cuí do do charthanas ó thaobh méide, ioncaim agus struchtúir de.

### Fianaise – glactar le raon leathan fianaise

Tá solúbthacht ann freisin maidir leis an gcineál fianaise a bhfuilimid ag súil léi. I gcás carthanais atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin, mar shampla, beimid sásta le miontuairiscí boird ina dtaispeántar go ndearnadh cinntí a phlé agus a dhoiciméadú. Beidh sé sin dóthanach chun cuid mhór de na croíchaighdeáin sa Chód seo a chomhlíonadh.

---




Le himeacht ama, taispeánfaimid go poiblí cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann do charthanas an Cód seo. Taispeánfar é sin i d'iontráil ar an gClár Carthanas<sup>3</sup>. I gcás go dtabharfar le fios ar an gClár Carthanas go bhfuil an Cód á chomhlíonadh agat, ba cheart go mbeadh muintín ag gach leas-sealbhóir go bhfuil córais agus próisis éifeachtacha rialachais i bhfeidhm ag do charthanas.

---

3 Tá an Clár Carthanas ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-the-public/search-the-charities-register>

## Na dualgais dhlíthiúla atá ar iontaobhaithe carthanais<sup>4</sup>



### Nóta tábhachtach maidir le ceanglais dhlíthiúla

Tá dualgais shonracha ar iontaobhaithe carthanais faoin Acht Carthanais 2009 agus ní mór dóibh deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann a gcharthanais na ceanglais atá leagtha amach i bpíosaí ábhartha eile reachtaíochta. Áirítear iad seo a leanas leis na píosaí ábhartha eile reachtaíochta:

- an reachtaíocht cosanta sonraí;
- an reachtaíocht fostaíochta; agus
- an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

I gcás gur cuideachta é an carthanais, is amhlaidh, faoin dlí cuideachtaí agus faoin dlí coiteann, go bhfuil dualgais bhreise ar iontaobhaí carthanais más stiúirtheoir cuideachta é freisin.

4 Féach 'Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais' - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1078/guidance-for-charity-trustees-july-2017.pdf>

## Na deich gcéim de thuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh



### CÉIM 1

Léigh an Cód ina iomláine.



### CÉIM 2

Cinn cé acu atá nó nach bhfuil do charthanas ina charthanas casta chun críche an Chóid.



### CÉIM 3

I gcás gach caighdeáin, cinn cén gníomh nó cé na gníomhartha a dhéanfaidh tú chun an caighdeán sin a chomhlíonadh i do charthanas.



### CÉIM 4

Leag gach gníomh amach in aice leis an gcaighdeán ábhartha san Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh atá ar áireamh sa doiciméad seo. Is féidir leat an fhoirm a íoslódáil ónár suíomh Gréasáin freisin<sup>5</sup>.



### CÉIM 5

Mura mbaineann aon cheann de na caighdeáin le do charthanas, mínigh cén fáth. Tabhair an míniú in aice leis an gcaighdeán sin ar an bhFoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh<sup>6</sup>

5 Is féidir leat an Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh a íoslódáil ónár suíomh Gréasáin - [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

6 Tá an Rialálaí Carthanas ag súil go gcomhlíonfaidh gach carthanas na croícaighdeáin uile nuair is infheidhme.

**CÉIM 6**

Cinn cén fhianaise is féidir leat a sholáthar ar an ngníomh atá á dhéanamh agat nó ar na gníomhartha atá á ndéanamh agat chun gach caighdeán a bhaineann le do charthanas a chomhlíonadh.

**CÉIM 7**

Leag an fhianaise is féidir leat a sholáthar amach in aice leis an ngníomh ábhartha san Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh.

**CÉIM 8**

Caith súil siar ar an bhFoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh agus comhaontaigh cé acu atá nó nach bhfuil sí cruinn ag cruinniú boird.

**CÉIM 9**

Dearbhaigh go bhfuil an Cód á chomhlíonadh ag do charthanas (nó mínigh cén fáth nach bhfuil sé á chomhlíonadh aige) agus do thuarascáil bhliantúil á cur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas agat.

**CÉIM 10**

Tar éis duit na caighdeáin, na gníomhartha agus an fhianaise (céimeanna 3 go 7) a bhreithniú an athair, comhlánaigh Foirm nua um Chomhlíonadh a Thaifeadadh ag cruinniú boird gach bliain sula dtabharfaidh tú tuairisc ar chomhlíonadh don Rialálaí Carthanas.



## Na sé phrionsabal um rialachas carthanasais

Tá iontaobhaithe carthanasais freagrach as rialachas a gcarthanasais agus ba cheart dóibh deimhin a dhéanamh de go gcuirtear na prionsabail rialachais seo a leanas i bhfeidhm ann. Tá do charthanas:



Baineann roinnt de na prionsabail seo le feidhmiú inmheánach an bhoird iontaobhaithe carthanasais agus baineann cinn eile le gníomhaíochtaí seachtracha an charthanasais. Tá na prionsabail uile chomh tábhachtach lena chéile, áfach.

Pléimid gach ceann de na sé phrionsabal ceann ar cheann chun a mhíniú:

- cén fáth a bhfuil sé tábhachtach; agus
- conas an prionsabal a chur i ngníomh trí úsáid a bhaint as:
  - na croíchaighdeáin, agus
  - caighdeáin bhreise<sup>7</sup>.

<sup>7</sup> Déan teagmháil linn mura bhfuil tú cinnte faoi aon chuid den fhaisnéis sa Chód seo.



## Prionsabal 1: Cuspóir carthanúil a chur ar aghaidh

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Tá brí shonrach le cuspóir carthanúil sa dlí carthanais. Leagtar ceithre chatagóir de chuspóirí carthanúla amach san Acht Carthanais 2009:

- an bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;
- oideachas a chur ar aghaidh;
- creideamh a chur ar aghaidh; agus
- aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal<sup>8</sup>.

Ní mór do charthanais ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí sin a chur chun cinn agus ní mór dó leas pobail a sholáthar.

Tugtar tuilleadh faisnéise faoin gcuspóir carthanúil i ndoiciméad rialaithe an charthanais. Déantar amhlaidh sa chlásal príomhchuspóra trí chur síos a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- cé na torthaí ar bunaíodh an carthanais chun iad a bhaint amach;
- conas a bhainfidh sé na torthaí sin amach;
- cé a bhainfidh tairbhe as na torthaí sin; agus
- cén áit a mbeidh na tairbhí le brath.

De réir an dlí, ní mór d'iontaobhaithe carthanais a chinntiú go gcuireann a gcarthanais a cuspóir carthanúil, agus an cuspóir sin amháin, chun cinn agus go bhfuil sé chun leas an phobail.

---

8 Féach an treoirchoiciméad 'Cad is Carthanais ann?' - atá ar fáil ó:  
<https://www.charitiesregulator.ie/media/1544/what-is-a-charity-rev-001.pdf>

## An prionsabal a chur i ngníomh

---

### 1. Na croíchaighdeáin le haghaidh cuspóir carthanúil a chur ar aghaidh

- 1.1. Bí soiléir faoi chuspóir do charthanas agus bí in ann é a mhíniú i dtéarmaí simplí d'aon duine a fhiafraíonn faoi.
- 1.2. Breithnigh cé acu a thagann nó nach dtagann aon leas príobháideach chun cinn (féach an ghluais ar leathanaigh 28 go 36). Más amhlaidh go dtagann leas príobháideach chun cinn, breithnigh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil sé réasúnach agus riachtanach don leas pobail a sholáthraíonn do charthanas agus go bhfuil sé coimhdeach leis an leas pobail sin.
- 1.3. Comhaontaigh plean indéanta don chéad bhliain eile ar a laghad, ar plean é ina leagfar amach na nithe a dhéanfaidh tú chun do chuspóir a chur ar aghaidh.
- 1.4. Déan deimhin de go bhfuil ag do charthanas na hacmhainní a theastaíonn uaidh chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat a chur i gcrích. Mura bhfuil na hacmhainní a theastaíonn agat, beidh ort a thaispeáint conas a gheobhaidh tú na hacmhainní sin.
- 1.5. Ó am go chéile, athbhreithnigh na nithe atá á ndéanamh agat chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tú fós:
  - ag gníomhú ar aon dul le cuspóir do charthanas; agus
  - ag soláthar leas pobail.

### Caighdeáin bhreise

- 1.6. Forbair plean straitéiseach do charthanas agus a phleananna oibriúcháin gaolmhara.
  - 1.7. Déan deimhin de go bhfuil córas cuí i bhfeidhm chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar do phleananna; agus
    - meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá obair do charthanas.
  - 1.8. Ó am go chéile, breithnigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hobair i gcomhpháirt le carthanas eile, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an gcarthanas a chumasc nó a dhíscaoileadh (a fhoirceannadh).
-



## Prionsabal 2: Iompar le hionracas

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Baineann ríthábhacht leis an eitic san earnáil carthanais. Cé nach bhfuil aon amhras ann gur féidir le ráitis faoi éiteas ról tábhachtach a imirt, déanann na luachanna sin an difear is mó nuair a chuirtear i bhfeidhm sa chleachtas iad. Tá sé de chumhacht ag iontaobhaithe carthanais cultúr eiticiúil a chruthú agus timpeallacht a chothú ina léirítear na luachanna comhaontaithe i ngach a ndéanann an carthanais. Baineann an-tábhacht le hiompraíocht iontaobhaithe carthanais aonair agus ní mór dóibh ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.

Mar gheall ar an dualgas dlíthiúil atá orthu gníomhú le barr leasa an charthanais, ní mór d'iontaobhaithe carthanais:

- bheith neamhspleách; agus
- gan gníomhú lena leas pearsanta féin ná le leas daoine aonair nó comhlachtaí eile.

Ciallaíonn an prionsabal seo freisin gur cheart d'iontaobhaithe carthanais rúndacht a chothabháil faoi nithe íogaire a bhaineann leis an mbord. Níl feidhm ag an gceanglas rúndachta sin, áfach, i gcás gur gá d'iontaobhaí carthanais fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanais faoi aon ní a d'fhéadfadh todhchaí an charthanais a chur i mbaol.

---



## An prionsabal a chur i ngníomh

---

### 2. Na croíchaighdeáin le haghaidh iompar le hionracas

- 2.1. Comhaontaigh na bunluachanna atá tábhachtach do do charthanas agus poibligh na luachanna sin ionas go dtuigfidh gach duine lena mbaineann an bealach inar cheart nithe a dhéanamh agus an bealach inar cheart do gach duine iad féin a iompar.
- 2.2. Cinn conas a dhéileálfaidh tú le coinbhleachtaí leasa agus le coinbhleachtaí dílseachta. Ba cheart duit a chinneadh freisin conas a chloífidh tú leis na treoirlínte ón Rialálaí Carthanas maidir leis an topaic seo<sup>9</sup>.
- 2.3. Bíodh cód iompair i bhfeidhm agat do do bhord, ar cód é atá sínithe ag gach iontaobhaí carthanas. Ní mór an caighdeán iompraíochta a bhfuiltear ag súil leis ó iontaobhaithe carthanas a leagan amach go soiléir sa chód iompair. Is é atá i gceist leis sin ná rúndacht boird a chothabháil agus na nithe atá le déanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:
  - bronntanais agus fáilteachas; agus
  - speansais as an bpóca.

Níl aon chaighdeáin bhreise ann don phrionsabal seo mar nach mór do gach carthanas iad féin a iompar le hionracas, is cuma cén mhéid atá iontu nó cé chomh casta agus atá siad.

---

9 Féach an treoirchoiméad ‘Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú’ - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1417/managing-conflicts-of-interest-may-2018.pdf>



## Prionsabal 3: Daoine a stiúradh

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Is iad na daoine dá chuid an acmhainn is tábhachtaí atá ag aon charthanais. Mar sin, ba cheart do dhaoine a bhrath go bhfuil meas orthu agus ba cheart dóibh bheith soiléir faoin ról atá acu féin agus faoi na ról atá ag daoine eile. Tá iontaobhaithe carthanais freagrach as ceannaireacht a thabhairt d'oibrithe deonacha, d'fhostaithe agus do chonraitheoirí. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ní mór dóibh a ndualgas cúraim i leith na ndaoine sin a ghlacadh dáiríre agus cultúr measa a chur chun cinn.

Tá freagrachtaí dlíthiúla ar leith mar fhostóirí ar charthanais a bhfuil baill foirne íoctha acu freisin.

---

## An prionsabal a chur i ngníomh

### 3. Na croíchaighdeáin le haghaidh daoine a stiúradh

- 3.1. Bí soiléir faoin ról atá ag gach duine a oibríonn i do charthanas agus le do charthanas ar bhonn deonach agus ar bhonn íoctha araon.
- 3.2. Déan deimhin de go bhfuil socruithe i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach aon oibríthe deonacha, lena n-áirítear na nithe atá le déanamh i gcás go dtagann aon fhadhbanna chun cinn.
- 3.3. Déan deimhin de go bhfuil socruithe i bhfeidhm lena gcomhlíontar an reachtaíocht fostaíochta do gach ball foirne íoctha, lena n-áirítear socruithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
  - earcaíocht;
  - oiliúint agus forbairt;
  - tacaíocht, maoirseacht agus breithmheas;
  - luach saothair (an t-airgead a íoctar as obair a dhéantar) agus briseadh.
- 3.4. Comhaontaigh beartais oibriúcháin, nuair is gá, chun treoir a thabhairt do na gníomhartha a dhéanann gach duine a bhfuil baint acu le do charthanas.

#### Caighdeáin bhreise

- 3.5. Déan deimhin de go ndoiciméadaítear na ról atá acu seo a leanas agus na dualgais dhlíthiúla agus an fhreagracht tharmhligthe atá orthu ó thaobh cinnteoireachta de:
  - na hiontaobhaithe carthanas aonair agus an bord ina iomláine;
  - aon fhochoistí nó aon ghrúpaí oibre;
  - baill foirne agus oibríthe deonacha.
- 3.6. Déan deimhin de go bhfuil nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm ina leagtar amach:
  - conas a earcófar oibríthe deonacha, a thabharfar tacaíocht dóibh agus a dhéanfar maoirseacht orthu fad a bheidh siad ag obair i do charthanas; agus
  - na coinníollacha faoina n-imeoidh oibríthe deonacha ó do charthanas.
- 3.7. Cinn conas a fhorbróidh tú beartas oibriúcháin i do charthanas. Is gá duit a chinneadh freisin conas a dhéanfaidh na hiontaobhaithe carthanas deimhin de go gcuirfear an beartas i bhfeidhm agus go gcoinneofar cothrom le dáta é.



## Prionsabal 4: Rialú a fheidhmiú

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Ní mór do gach carthanais, is cuma cé chomh casta agus atá siad, seasamh le gach ceanglas dlíthiúil agus rialála a bhaineann leis an obair a dhéanann siad. Is iad na hiontaobhaithe carthanais atá freagrach as a chinntiú go seastar leis na ceanglais sin. Ní mór d'iontaobhaithe carthanais a thuiscint gur doiciméad atá ceangailteach ó thaobh dlí ina cheart féin é doiciméad rialaithe an charthanais.

Tá na hiontaobhaithe freagrach freisin as cistí an charthanais agus as aon mhaoin nó sócmhainní eile atá ina sheilbh. A mhéid is féidir é, ní mór dóibh na rioscaí a bhfuil a gcarthanais neamhchosanta orthu a bhreithniú agus a laghdú freisin.

Tá sé riachtanach go bhfeidhmeofá rialú cuí ar do charthanais. Má dhéanann tú amhlaidh, cabhróidh tú go mór le muinín na ndaoine seo a leanas a choinneáil:

- rialálaithe;
  - maoinitheoirí;
  - tairbhithe; agus
  - an pobal i gcoitinne.
-

## An prionsabal a chur i ngníomh

---

### 4. Na croíchaighdeáin le haghaidh rialú a fheidhmiú

- 4.1. Cinn cé acu atá nó nach bhfuil foirm dhlíthiúil reatha do charthanas agus a dhoiciméad rialaithe oiriúnach don fheidhm. Déan athruithe, más gá, agus inis don Rialálaí Carthanas roimh ré go mbeidh athruithe á ndéanamh agat.
- 4.2. Faigh amach cé na dlíthe agus na ceanglais rialála a bhaineann le do charthanas agus comhlíon na dlíthe agus na ceanglais sin.
- 4.3. Má chruinníonn do charthanas cistí ón bpobal, léigh na treoirínte ón Rialálaí Carthanas<sup>10</sup> maidir leis an topaic sin agus déan deimhin de go gcloíonn do charthanas leis na treoirínte a mhéid a bhaineann siad leis.
- 4.4. Déan deimhin de go bhfuil rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agat chun airgead agus sócmhainní eile do charthanas a bhainistiú agus chun cuntas a thabhairt orthu<sup>11</sup>.
- 4.5. Sainaithin aon rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do charthanas agus conas a bhainisteofar iad.
- 4.6. Déan deimhin de go bhfuil cumhdach árachais cuí leordhóthanach ag do charthanas.

### Caighdeáin bhreise

- 4.7. Bíodh nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm agat chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann tú gach ceanglas dlíthiúil agus rialála atá ábhartha.
- 4.8. Déan deimhin de go bhfuil clár rioscaí foirmiúil i bhfeidhm agus go ndéanann do bhord athbhreithniú air go rialta.
- 4.9. Déan breithniú ar chaighdeáin bhreise dea-chleachtais a ghlacadh, ar caighdeáin iad a bhaineann leis an obair ar leith a dhéanann do charthanas.

---

10 Feach 'Treoirínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1265/guidance-for-fundraising.pdf>

11 Féach 'Treoirínte do Charthanas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais' - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1081/financial-controls-guidelines-june-2017.pdf>



## Prionsabal 5: Obair go héifeachtach

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Chun carthanais a reáchtáil go maith, teastaíonn uait iontaobhaithe carthanais atá cumasach agus a oibríonn le chéile mar fhoireann éifeachtach. Baineann tábhacht ar leith le cruinnithe boird toisc gur ag na cruinnithe sin a fheidhmíonn na hiontaobhaithe carthanais an t-údarás comhchoiteann atá acu. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh dea-mheascán scileanna, taithí agus cúlra ann i measc iontaobhaithe carthanais agus go n-athnuafaí iad sin ar bhonn leanúnach. Tá sé ríthábhachtach go bhfaigheadh iontaobhaithe carthanais nua ionduchtú cuí ar theacht isteach sa charthanais dóibh.

### Nn prionsabal a chur i ngníomh

---

#### 5. Na croíchaighdeáin le haghaidh obair go héifeachtach

- 5.1. Sainaithe iontaobhaithe carthanais ag a bhfuil na scileanna a theastaíonn chun tabhairt faoi na nithe seo a leanas:
    - aon ról ainmnithe atá leagtha amach i do dhoiciméad rialaithe; agus
    - aon ról eile is cuí laistigh den bhord.
  - 5.2. Tionóil cruinnithe boird go rialta. Tabhair sách fógra roimh chruinnithe agus cuir clár oibre ullmhaithe ar fáil.
  - 5.3. Ba cheart na míreanna seo a leanas ar a laghad a bheith ar gach clár oibre de chuid an bhoird:
    - tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí;
    - athbheithníú a dhéanamh ar an staid airgeadais; agus
    - coinbhleachtaí leasa agus dílseachta.
  - 5.4. Déan deimhin de go bhfuil ag d'iontaobhaithe carthanais na fíorais a theastaíonn chun cinntí eolacha a dhéanamh ag cruinnithe boird agus go dtaifeadtar na cinntí sin go cruinn sna miontuairiscí.
  - 5.5. Déan breithníú ar theorainneacha téarma a thabhairt isteach do d'iontaobhaithe carthanais. Moltar go gcuirfeadh siad naoi mbliana ar a mhéad isteach.
-

- 5.6. Earcaigh iontaobhaithe carthanais oiriúnacha nua, de réir mar is gá, agus déan deimhin de go bhfaigheann siad ionduchtú.
- 5.7. Déan deimhin de go dtuigeann gach duine de d'iontaobhaithe:
  - an ról atá acu mar iontaobhaithe carthanais;
  - doiciméad rialaithe an charthanais; agus
  - an Cód seo.
- 5.8. Gabh ort féin fadhbanna agus saincheistanna atá ag teacht chun cinn a réiteach a luaithe is féidir agus le barr leasa do charthanais.
- 5.9. Ó am go chéile, athbhreithnigh an dóigh a n-oibríonn do bhord agus déan aon fheabhsuithe a theastaíonn.

### Caighdeáin bhreise

- 5.10. Déan deimhin de go seolann tú pacáí boird amach tamall dóthanach roimh ré agus go gcuireann tú gach tuarascáil agus gach páipéar míniúcháin atá ábhartha ar áireamh iontu chun cinnteoireacht eolach a chumasú.
  - 5.11. Déan deimhin de go bhfuil plan comharbais iontaobhaithe carthanais i bhfeidhm agat agus breithnigh conas is féidir leat éagsúlacht a uasmhéadú i measc d'iontaobhaithe carthanais.
  - 5.12. Cuir clár ionduchtúcháin cuimsitheach i bhfeidhm d'iontaobhaithe carthanais nua.
  - 5.13. Déan athbhreithniú go rialta agus déan measúnú ar na nithe seo a leanas lena linn:
    - a éifeachtaí atá do bhord ina iomláine, na sealbhóirí oifige agus na hiontaobhaithe carthanais aonair;
    - an dóigh a bhfuiltear ag cloí le cód iompair an bhoird; agus
    - struchtúr, méid, comhaltas agus téarmaí tagartha aon fhochoistí.
  - 5.14. Déan iniúchadh go rialta ar scileanna agus cuir oiliúint agus forbairt chuí ar fáil d'iontaobhaithe carthanais. Más gá, earcaigh daoine chun aon bhearnaí inniúlachta a líonadh ar bhord do charthanais.
-



## Prionsabal 6: Bheith cuntasach agus trédhearcach

### Cén fáth a bhfuil an prionsabal seo tábhachtach

Ní bhaineann cuntasacht as do charthanas le cuntas a thabhairt ar an airgead a chruinnigh tú agus a chaith tú amháin (cé go bhfuil sé sin an-tábhachtach, ar ndóigh). Baineann sí freisin lena bheith oscailte agus trédhearcach faoi gach ní carthanas. Baineann cuntasacht lena bheith in ann:

- seasamh leis na nithe a dhéanann do charthanas agus le conas a dhéanann sé iad; agus
- údar a thabhairt leis sin d'aon duine nó d'aon ghrúpa a fhiafraíonn cad a rinne do charthanas nó cad atá á dhéanamh aige.

Mar eagraíocht a cuireadh ar bun chun leas pobail a sholáthar, ba cheart duit bheith in ann an leas sin a mhíniú d'aon duine a fhiafraíonn faoi.

Is iad leas-sealbhóirí an charthanas ná aon daoine aonair nó aon ghrúpaí daoine a bhfuil leas dlisteanach acu in obair an charthanas. Áirítear leo sin:

- na daoine a bhaineann tairbhe (go díreach nó go hindíreach) as aon seirbhísí a sholáthraíonn an carthanas;
- baill;
- baill foirne agus oibrithe deonacha;
- eagraíochtaí comhpháirtíochta agus tacadóirí;
- maoinitheoirí agus deontóirí;
- rialálaithe;
- ionadaithe poiblí; agus
- an pobal i gcoitinne.

Trína bheith oscailte agus trédhearcach, is féidir le carthanas muinín an phobail a chothú as a n-eagraíocht féin agus as an earnáil carthanas i gcoitinne.

---



## An prionsabal a chur i ngníomh

### 6. Na croíchaighdeáin le haghaidh bheith cuntasach agus trédhearcach

- 6.1. Déan deimhin de go bhfuil ainm agus Uimhir Charthanais Chláraithe do charthanais ar taispeáint ar d'ábhair scríofa uile, lena n-áirítear:
  - do shuíomh Gréasáin;
  - d'ardáin mheán sóisialta; agus
  - do chumarsáidí ríomhphoist.
- 6.2. Sainaithe do leas-sealbhóirí agus cinn conas a dhéanfaidh tú cumarsáid leo.
- 6.3. Cinn cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh tú ról do do leas-sealbhóirí san obair seo a leanas agus conas a dhéanfaidh tú amhlaidh:
  - pleanáil;
  - cinnteoireacht; agus
  - próisis athbhreithniúcháin
- 6.4. Déan deimhin de go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm agat le haghaidh déileáil leis na nithe seo a leanas:
  - ceisteanna;
  - tuairimí; agus
  - gearáin.
- 6.5. Cloígh le ceanglais tuairiscithe gach duine de do mhaoinitheoirí poiblí agus príobháideacha agus de do dheontóirí poiblí agus príobháideacha.

#### Caighdeáin bhreise

- 6.6. Táirg cuntais airgeadais neamhghiorraithe (iomlána) agus déan deimhin de go bhfuil na cuntais sin agus tuarascáil bhliantúil do charthanais ar fáil go forleathan agus go bhfuil rochtain éasca ag gach duine orthu.
- 6.7. Déan deimhin de gur nithe atá luaite go poiblí iad na cóid agus na caighdeáin chleachtas uile a ghlacann do charthanas.
- 6.8. Déan athbhreithniú go rialta ar aon ghearáin a fhaigheann do charthanas agus déan gníomh chun feabhas a chur ar chleachtas eagrúcháin.



**Aguisíní**

## Aguisín 1: Gluais de na téarmaí a úsáidtear

### Sócmhainní

Is sócmhainní iad na cistí go léir atá i seilbh an charthanais agus an mhaoin agus an trealamh ar fad atá faoi úinéireacht an charthanais nó ina sheilbh.

### Bord

Is é an bord an comhlacht ceannais ar charthanas. Tá sé comhdhéanta d'iontaobhaithe an charthanais. Is féidir go dtabharfar ainm eile air, mar atá:

- an coiste;
- an chomhairle, nó
- an croíghrúpa.

### Pacaí boird

Is iad seo na páipéir a sheoltar amach chuig iontaobhaithe an charthanais roimh chruinniú boird. Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh iontu i ngach cás:

- clár oibre don chruinniú; agus
- dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú deireanach.

D'fhéadfadh go n-áireofaí leo freisin:

- tuairiscí scríofa ó bhaill foirne, ó iontaobhaithe agus ó fhochoistí
- tuarascálacha airgeadais; agus
- páipéir ina dtugtar faisnéis faoi thograí suntasacha atá le plé ag an gcruinniú.

### Aidhm charthanúil

Is é is aidhm charthanúil ann ná an cuspóir de chuid carthanais mar atá leagtha amach ina dhoiciméad rialaithe. D'fhéadfadh príomhaidhm agus roinnt aidhmeanna coimhdeacha a bheith i gceist léi. Is é is príomhaidhm ann ná an príomhchuspóir de chuid carthanais mar atá leagtha amach ina dhoiciméad rialaithe. Is é is aidhm choimhdeach ann ná cuspóir atá leagtha amach sa doiciméad rialaithe de chuid carthanais, ar aidhm í a ghabhann le príomhaidhm an charthanais agus a thacaíonn léi.

### **Cuspóir carthanúil**

De réir an dlí carthanas, tá ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist le cuspóir carthanúil:

- an bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;
- oideachas a chur ar aghaidh;
- creideamh a chur ar aghaidh; nó
- aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal.

Folaíonn aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal:

- iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh;
- an timpeallacht nádúrtha a chosaint;
- an tsláinte agus obair shaorálach a chur chun cinn;
- síth idir creidimh agus ciní a chur chun cinn;
- leas an phobail agus forbairt pobail a chur ar aghaidh;
- inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh;
- réiteach coinbhleachtaí a chur ar aghaidh;
- úsáid éifeachtach maoine carthanas a chur ar aghaidh;
- na heolaíochtaí agus na healaíona a chur ar aghaidh; agus
- fulaingt ainmhithe a chosc nó faoiseamh a thabhairt ar an gcéanna.

### **An Rialálaí Carthanas**

Is é seo rialálaí náisiúnta reachtúil Phoblacht na hÉireann ar eagraíochtaí carthanúla. Is údarás neamhspleách é an Rialálaí Carthanas. Bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014 faoin Acht Carthanas 2009 é. Áirítear lena phríomhfheidhmeanna clár poiblí carthanas a bhunú agus a chothabháil agus a chinntiú go gcomhlíonann carthanas na hAchtanna Carthanas.

## Carthanas

Is é is carthanas ann ná eagraíocht ar bith a oibríonn i bPoblacht na hÉireann a bhfuil cuspóir carthanúil aici agus a sholáthraíonn leas pobail..

Folaíonn eagraíochtaí **nach** carthanais iad::

- iad sin a bunaíodh chun cluichí nó spóirt lúthchleasa nó amaitéaracha a chur chun cinn agus chuige sin amháin;
- ceardchumainn;
- páirtithe polaitíochta;
- brústocairí;
- Cumainn Lucht Tráchtála;
- grúpaí cruinnithe airgid a bunaíodh chun críche airgead a chruinniú do charthanas atá cláraithe cheana féin agus chun na críche sin amháin; agus
- grúpaí cruinnithe airgid a bunaíodh chun críche cabhrú le duine amháin ar leith agus chun na críche sin amháin.

## Iontaobhaithe carthanais

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an gcarthanas.

Más cuideachta é an carthanas, is féidir go dtabharfar ‘stiúirthóirí’ nó ‘comhaltaí boird’ ar na daoine sin freisin.

I gcumann neamhchorpraithe, is féidir go dtabharfar comhaltaí coiste orthu.

I gcás iontaobhais, bíonn an scéal níos casta in amanna. Más iad iontaobhaithe an iontaobhais (féach ‘iontaobhas’) na daoine a chinneann an beartas agus a rialaíonn na sócmhainní, is iontaobhaithe carthanais iad freisin. Más amhlaidh, áfach, nach bhfuil ach a n-ainm ar an ngníomhas maoin ag na hiontaobhaithe agus nach bhféadfaidh siad an mhaoin a dhíol ná a dhiúscairt gan cead a fháil ón Rialálaí Carthanas agus nach bhfuil aon fhreagrachtaí eile orthu, ní iontaobhaithe carthanais iad.

### Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

Is é seo an fhoirm is coitianta de stádas dlíthiúil corpraithe do charthanais ar na cúiseanna seo a leanas:

- is eintiteas dlíthiúil ar leith é agus meastar sa dlí go bhfuil sé ar leithligh óna chuid ball nó comhaltaí boird;
- is struchtúr daonlathach é – bíonn an chuideachta á rialú ag na baill a thoghan an bord stiúrthóirí;
- ní fhéadfaidh baill leas a bhaint as aon bhrabús a dhéantar; agus
- tá dliteanas gach comhalta boird teoranta do shuim ainmniúil a ndearbhaíonn siad go n-íocfaidh siad í má tá fiacha ag an gcuideachta ar a foirceannadh.

### Coinbhleacht leasa

Is é is coinbhleacht leasa ann aon chás ina bhféadfadh leasanna pearsanta aon iontaobhaí carthanais cosc a chur air/uirthi cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais nó aon chás ina bhféadfaí a mheas go gcuireann na leasanna sin cosc air/uirthi cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais.

**Sampla:** d'fhéadfadh coinbhleacht leasa teacht aníos má théann iontaobhaí carthanais i bhfeidhm ar an gcinneadh chun Conradh a bhronnadh ar chuideachta ar le ball teaghlaigh leis/léi í.

Tá sé dleathach Conradh a bhronnadh ar an gcuideachta is cáilithe, fiú i gcás gur le gaol le hiontaobhaí carthanais an chuideachta sin. Ní ceadmhach don iontaobhaí carthanais sin páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta, áfach.

### Coinbhleacht dílseachta

Is é is coinbhleacht dílseachta ann aon chás ina bhféadfadh dílseacht aon iontaobhaí carthanais do ghrúpa eile cosc a chur air/uirthi cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais nó aon chás ina bhféadfaí a mheas go gcuireann an dílseacht sin cosc air/uirthi cinneadh a dhéanamh le barr leasa an charthanais.

**Sampla:** D'fhéadfadh go dtarlódh sé sin i gcás go n-éiríonn an t-iontaobhaí carthanais ina c(h)omhalta den bhord mar ainmní de chuid grúpa ar leith, amhail baill i gcontae ar leith, comhlacht cistiúcháin, nó baill foirne.

I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh go gceapfadh an t-iontaobhaí carthanais gur cheart dó/di gníomhú le leas an ghrúpa ar ainmnigh sé é/í, in ionad gníomhú le leas an charthanais ina iomláine.

### Conraitheoir

Oibríonn conraitheoir ar bhonn 'conradh le haghaidh seirbhísí' agus cuireann sé sonrasc chuig an eagraíocht as na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Tríd is tríd, is faoin gcatagóir mar chonraitheoir a thagann daoine amhail dearthóirí grafaicí, sainchomhairleoirí agus dlíodóirí.

Tá fostaithe difriúil mar go bhfuil 'conradh seirbhíse' acu agus go bhfuil siad ar phárolla ÍMAT na heagraíochta.



## Éagsúlacht

Maidir le bord iontaobhaithe carthanais, ciallaíonn éagsúlacht go bhfuil meascán scileanna agus taithí ag na comhaltaí boird agus go bhfuil siad ina léiriú ar an éagsúlacht atá ann inár sochaí.

Tá a lán boird charthanais comhdhéanta de dhaoine atá an-chosúil lena chéile. Bíonn ag méadú ar an méid atá sé i gceist le héagsúlacht breithniú a dhéanamh ar conas is féidir daoine atá difriúil ar na bealaí seo a leanas a mhealladh chun an bhoird:

- aois;
- inscne;
- eitneacht;
- cúlra; agus
- taithí ar an saol.

Is é atá i gceist léi freisin a chinntiú nach mbeidh aon bhacainní neamhriachtanacha ann a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine dul ar an mbord nó páirt a ghlacadh ann.

## Oiriúnach don fheidhm

Is é 'oiriúnach don fheidhm' an téama a úsáidtear nuair atá an fhoirm dhlíthiúil (féach 'Foirm dhlíthiúil' thíos) agus an doiciméad rialaithe de chuid carthanais á mbreithniú. Ceistítear ann cé acu atá nó nach bhfuil siad láidir go leor chun tacú go héifeachtach le hoibríochtaí agus riachtanais reatha an charthanais.

De ghnáth, is cumainn neamhchorpraithe iad carthanais bheaga. Is cumainn iad sin nach bhfuil stádas dlíthiúil dá gcuid féin acu. Más amhlaidh, áfach, go bhfásann siad ó thaobh ioncaim de agus go bhfuil siad ag smaoineamh ar bhaill foirne a fhostú, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar éirí ina n-eintiteas corpraithe amhail cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (féach thuas). Bunaítear eintiteas corpraithe mar eintiteas dlíthiúil ar leith.

Is féidir in amanna go dtéann doiciméid rialaithe as dáta. Mar sin féin, beidh siad ceangailteach ó thaobh dlí ar an gcarthanais mura leasaítear iad (mar atá leagtha amach i rialacha an doiciméid rialaithe).

### Doiciméad rialaithe

Is é an doiciméad rialaithe an doiciméad dlíthiúil ina leagtar amach cad is carthanais ann agus conas a oibríonn sé. Tugtar an ‘bunreacht’ air de ghnáth. Tugtar an ‘gníomhas iontaobhais’ nó na ‘rialacha’ air freisin, áfach, ag brath ar struchtúr dlíthiúil an charthanais.

Ba ghnách le cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta meabhrán agus airteagail chomhlachais a bheith acu. Tugtar ‘bunreachtanna’ orthu sin sa lá atá inniu ann, áfach.

### Foirm dhlíthiúil

Is é is foirm dhlíthiúil ann ná tagairt don chineál stádais dhlíthiúil atá ag an gcarthanais. Is cumainn neamhchorpraithe iad a lán carthanais beag. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil stádas dlíthiúil ar leith dá chuid féin ag an gcarthanais. Is í cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (féach ‘Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta’) an fhoirm is coitianta de stádas dlíthiúil corpraithe do charthanais.

### Beartas oibriúcháin

Is le reáchtáil an charthanais a bhaineann beartais oibriúcháin. Ní bhaineann siad le seasaimh bheartais, arb ionann iad agus na tuairimí agus na barúlacha atá ag an gcarthanais.

**Sampla:** I dtionscadal don óige, ba bheartas oibriúcháin é beartas maidir le conas a d’fhéadfaí dul i ngleic le mí-úsáid substaintí i measc úsáideoirí seirbhíse. Ba sheasamh beartais phoiblí é beartas maidir le húsáid drugaí a dhíchoiriúlú.

### Speansais as an bpóca

Folaíonn speansais as an bpóca aon chostais a thabhaigh iontaobhaithe carthanais agus iad ag comhlíonadh a ndualgas, ar choinníoll gur tabhaíodh iad ‘go hiomlán, go heisiach agus go riachtanach chun a ndualgais a chomhlíonadh’ mar iontaobhaithe carthanais<sup>12</sup>.

Ba cheart duit speansais a aisíoc bunaithe ar admhálacha ón duine a d’foc an speansas agus ní ar bhonn ráta chomhréidh.

---

12 Sainmhíniú ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### Leas príobháideach

Is ní é seo a théann chun tairbhe do dhuine aonair. Tá sé inghlactha do charthanas leas príobháideach éigin a sholáthar. Mar sin féin, ní mór é a bheith riachtanach agus réasúnach agus cur leis an leas pobail a sholáthraíonn an carthanas.

**Sampla:** Faigheann fostaí íoctha de chuid carthanas leas príobháideach. Tá sé sin inghlactha ar choinníoll go bhfuil a f(h)ostaíocht riachtanach chun leas pobail a sholáthar agus gur réasúnach atá an pá agus na coinníollacha a fhaigheann sé/sí.

### Leas pobail

Is ní é seo a théann chun tairbhe don phobal ina iomláine nó do chuid den phobal in Éirinn nó in áit eile

**Sampla:** Is leas príobháideach, agus ní leas pobail, é cistí a chruinniú chun go bhfaighidh duine amháin cóireáil liachta thar lear. Mar sin féin, d'fhéadfadh cruinniú cistí chun cóireáil a chur ar roinnt daoine a bhfuil tinneas neamhchoitianta orthu leas pobail a sholáthar, ar choinníoll go bhféadfaidh gach duine ar a bhfuil an tinneas neamhchoitianta sin iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an gcóireáil.

### An Clár Carthanas

Is liosta é seo de na carthanas go léir atá cláraithe agus a rialáiltear i bPoblacht na hÉireann. Tá an liosta ar fáil don phobal ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas.

### Buanmhíreanna

Bíonn buanmhíreanna i láthair ar gach clár oibre de chuid an bhoird agus ba cheart iad a phlé ag gach cruinniú de chuid an bhoird.

**Sampla:** Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i ngach clár oibre de chuid an bhoird:

- tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an charthanas;
- aghaidh a thabhairt ar aon choinbhleachtaí leasa agus dílseachta (fiú mura mbíonn aon choinbhleachtaí le dearbhú go minic); agus
- airgeadas an charthanas a phlé.

**Plean comharbais**

Is é is plean comharbais ann ná bealach ina ndéantar aithint agus forbairt ar cheannairí nua a thiofáidh in ionad ceannairí atá ann cheana de réir mar is gá.

**Iontaobhas**

Is é is iontaobhas carthanúil ann ná socrú dlíthiúil:

- a bunaíodh chun cuspóir carthanúil a bhaint amach agus chuige sin amháin;
- a bunaíodh faoi ghníomhas iontaobhais lena gceanglaítear ar iontaobhaithe an iontaobhais an mhaoin ar fad (idir mhaoin fhíor agus mhaoin phearsanta) atá ag an iontaobhas a úsáid chun an cuspóir sin a chur ar aghaidh, seachas airgead a chaitear chun an t-iontaobhas a bhainistiú; agus
- ar ina leith nach bhfuil cuid ar bith den mhaoin iníoctha le hiontaobhaithe an iontaobhais, seachas de réir alt 89 den Acht Carthanas 2009.

## Aguisín 2: An Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh

Líon isteach an fhoirm seo chun na nithe seo a leanas a thaifeadadh:

- na gníomhartha a dhéanann do charthanas chun gach caighdeán den Chód Rialachais do Charthanas a chomhlíonadh; agus
- an fhianaise lena dtacaítear leis an obair sin.

Ba cheart duit an Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh a cheadú ag cruinniú boird sula dtabharfaidh tú tuairisc dúinn ar do chomhlíonadh.

Gach bliain tar éis duit tuairisc a thabhairt den chéad uair, ní mór duit ‘Na deich gcéim de thuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh’ a leanúint. Is féidir go n-iarrfaidh an Rialálaí Carthanas am ar bith an leagan is déanaí nó aon leagan roimhe sin de d’Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh a fheiceáil.

Is ag brath ar chastacht do charthanas a bhíonn an cineál fianaise a bhfuilimid ag súil leis.

Bheifí ag súil ar a laghad go ndéanfaidh gach carthanas plé agus comhaontú le linn cruinnithe boird ar conas a chomhlíonfaidh siad na caighdeáin agus go dtaifeadfadh siad na cinntí sna miontuairiscí. I gcás carthanas atá comhdhéanta d’oibríthe deonacha amháin, beidh sé sin dóthanach chun cuid mhór de na croíchaighdeáin a chomhlíonadh.

Bheimis ag súil go ndéanfaidh carthanas a bhfuil baill foirne íoctha aige tuilleadh doiciméad, amhail pleananna oibre agus beartais scríofa, a chur ar fáil mar fhianaise ar na gníomhartha atá déanta acu.

Bheimis ag súil go gcuirfeadh carthanas chasta níos mó doiciméad ar fáil ná carthanas eile.

Bain úsáid as an ngluais agus an fhoirm á comhlánú agat.



## Prionsabal 1: Cuspóir carthanúil a chur ar aghaidh

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gcarthanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>1. Na croíchaighdeáin le haghaidh cuspóir carthanúil a chur ar aghaidh</b>		
1.1. Bí soiléir faoi chuspóir do charthanas agus bí in ann é sin a mhíniú i dtéarmaí simplí d'aon duine a fhiafraíonn faoi.		
1.2. Breithnigh cé acu a thagann nó nach dtagann aon leas príobháideach chun cinn (féach an ghluais). Más amhlaidh go dtagann leas príobháideach chun cinn, breithnigh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil sé réasúnach agus riachtanach don leas pobail a sholáthraíonn do charthanas agus go bhfuil sé coimhdeach leis an leas pobail sin.		
1.3. Comhaontaigh plean indéanta don chéad bhliain eile ar a laghad, ar plean é ina leagfar amach na nithe a dhéanfaidh tú chun do chuspóir a chur ar aghaidh.		
1.4. Déan deimhin de go bhfuil ag do charthanas na hacmhainní a theastaíonn uaidh chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat a chur i gcrích. Mura bhfuil na hacmhainní a theastaíonn agat, beidh ort a thaispeáint conas a gheobhaidh tú na hacmhainní sin.		

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gcarthanais chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<p>1.5. Ó am go chéile, athbhreithnigh na nithe atá á ndéanamh agat chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tú fós:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ ag gníomhú ar aon dul le cuspóir do charthanais; agus</li> <li>■ ag soláthar leas pobail.</li> </ul>		
Caighdeáin bhreise		
<p>1.6. Forbair plean straitéiseach do charthanais agus a phleananna oibriúcháin gaolmhara.</p>		
<p>1.7. Déan deimhin de go bhfuil córas cuí i bhfeidhm chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar do phleananna; agus</li> <li>■ meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá obair do charthanais.</li> </ul>		
<p>1.8. Ó am go chéile, breithnigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hobair i gcomhpháirt le carthanais eile, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis an gcarthanais a chumasc nó a dhíscaoileadh (a fhoirceannadh).</p>		



## Prionsabal 2: Iompar le hionracas

Caighdeán	Na gníomhartha a dhéanann ár gcarthanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>2. Na croíchaighdeáin le haghaidh iompar le hionracas</b>		
<p>2.1. Comhaontaigh na bunluachanna atá tábhachtach do do charthanas agus poibligh na luachanna sin ionas go dtuigfidh gach duine lena mbaineann an bealach inar cheart nithe a dhéanamh agus an bealach inar cheart do gach duine iad féin a iompar.</p>		
<p>2.2. Cinn conas a dhéileálfaidh tú le coinbhleachtaí leasa agus le coinbhleachtaí dílseachta. Ba cheart duit a chinneadh freisin conas a chloífidh tú leis na treoirlínte ón Rialálaí Carthanas maidir leis an topaic seo.</p>		
<p>2.3. Bíodh cód iompair i bhfeidhm agat do do bhord, ar cód é atá sínithe ag gach iontaobhaí carthanas. Ní mór an caighdeán iompraíochta a bhfuiltear ag súil leis ó iontaobhaithe carthanas a leagan amach go soiléir sa chód iompair. Is é atá i gceist leis sin ná rúndacht boird a chothabháil agus na nithe atá le déanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ bronntanais agus fáilteachas; agus</li> <li>■ speansais as an bpóca.</li> </ul>		





## Prionsabal 3: Daoine a stiúradh

Caighdeáin	gníomhartha a dhéanann ár gcarthanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>3. Na croíchaighdeáin le haghaidh daoine a stiúradh</b>		
3.1. Bí soiléir faoin ról atá ag gach duine a oibríonn i do charthanas agus le do charthanas ar bhonn deonach agus ar bhonn íoctha araon.		
3.2. Déan deimhin de go bhfuil socruithe i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach aon oibríthe deonacha, lena n-áirítear na nithe atá le déanamh i gcás go dtagann aon fhadhbanna chun cinn.		
3.3. Déan deimhin de go bhfuil socruithe i bhfeidhm lena gcomhlíontar an reachtaíocht fostaíochta do gach ball foirne íoctha, lena n-áirítear socruithe a bhaineann leis na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>■ earcaíocht;</li> <li>■ oiliúint agus forbairt;</li> <li>■ tacaíocht, maoirseacht agus breithmheas;</li> <li>■ luach saothair (an t-airgead a íoctar as obair a dhéantar) agus briseadh.</li> </ul>		
3.4. Comhaontaigh beartais oibriúcháin, nuair is gá, chun treoir a thabhairt do na gníomhartha a dhéanann gach duine a bhfuil baint acu le do charthanas.		

Caighdeáin	gníomhartha a dhéanann ár gcarthanais chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>Caighdeáin bhreise</b>		
<p>3.5. Déan deimhin de go ndoiciméadaítear na ról atá acu seo a leanas agus na dualgais dhlíthiúla agus an fhreagracht tharmligthe atá orthu ó thaobh cinnteoireachta de:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ na hiontaobhaithe carthanais aonair agus an bord ina iomláine;</li> <li>■ aon fhochoistí nó aon ghrúpaí oibre;</li> <li>■ baill foirne agus oibrithe deonacha.</li> </ul>		
<p>3.6. Déan deimhin de go bhfuil nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm ina leagtar amach</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ conas a earcófar oibrithe deonacha, a thabharfar tacaíocht dóibh agus a dhéanfar maoirseacht orthu fad a bheidh siad ag obair i do charthanais; agus</li> <li>■ na coinníollacha faoina n-imeoidh oibrithe deonacha ó do charthanais.</li> </ul>		
<p>3.7. Cinn conas a fhorbróidh tú beartas oibriúcháin i do charthanais. Is gá duit a chinneadh freisin conas a dhéanfaidh na hiontaobhaithe carthanais deimhin de go gcuirfear an beartas i bhfeidhm agus go gcoinneofar cothrom le dáta é.</p>		



## Prionsabal 4: Rialú a fheidhmiú

Caighdeáin	gníomhartha a dhéanann ár gcarthanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>4. Na croíchaighdeáin le haghaidh rialú a fheidhmiú</b>		
<p>4.1. Cinn cé acu atá nó nach bhfuil foirm dhlíthiúil reatha do charthanas agus a dhoiciméad rialaithe oiriúnach don fheidhm. Déan athruithe, más gá, agus inis don Rialálaí Carthanas roimh ré go mbeidh athruithe á ndéanamh agat.</p>		
<p>4.2. Faigh amach cé na dlíthe agus na ceanglais rialála a bhaineann le do charthanas agus comhlíon na dlíthe agus na ceanglais sin.</p>		
<p>4.3. Má chruinníonn do charthanas cistí ón bpobal, léigh na treoirínte ón Rialálaí Carthanas<sup>13</sup> maidir leis an topaic sin agus déan deimhin de go gcloíonn do charthanas leis na treoirínte a mhéid a bhaineann siad leis.</p>		
<p>4.4. Déan deimhin de go bhfuil rialuithe airgeadais cuí i bhfeidhm agat chun airgead agus sócmhainní eile do charthanas a bhainistiú agus chun cuntas a thabhairt orthu.</p>		

13 Féach 'Treoirínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' - atá ar fáil ó: <https://www.charitiesregulator.ie/media/1265/guidance-for-fundraising-english.pdf>

Caighdeáin	gníomhartha a dhéanann ár gcarthanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
4.5. Sainaithin aon rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do charthanas agus conas a bhainisteofar iad.		
4.6. Déan deimhin de go bhfuil cumhdach árachais cuí leordhóthanach ag do charthanas.		
<b>Caighdeáin bhreise</b>		
4.7. Bíodh nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm agat chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann tú gach ceanglas dlíthiúil agus rialála atá ábhartha.		
4.8. Déan deimhin de go bhfuil clár rioscaí foirmiúil i bhfeidhm agus go ndéanann do bhord athbhreithniú air go rialta.		
4.9. Déan breithniú ar chaighdeáin bhreise dea-chleachtais a ghlacadh, ar chaighdeáin iad a bhaineann leis an obair ar leith a dhéanann do charthanas.		



## Prionsabal 5: Obair go héifeachtach

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gvhanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>5. Fianaise ar ár ngníomhartha</b>		
<p>5.1. Sainaithin iontaobhaithe carthanais ag a bhfuil na scileanna a theastaíonn chun tabhairt faoi na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ aon ról ainmnithe atá leagtha amach i do dhoiciméad rialaithe; agus</li> <li>■ aon ról eile is cuí laistigh den bhord.</li> </ul>		
<p>5.2. Tionóil cruinnithe boird go rialta. Tabhair sách fógra roimh chruinnithe agus cuir cláir oibre ullmhaithe ar fáil.</p>		
<p>5.3. Ba cheart na míreanna seo a leanas ar a laghad a bheith ar gach clár oibre de chuid an bhoird:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí;</li> <li>■ athbhreithniú a dhéanamh ar an staid airgeadais; agus</li> <li>■ coinbhleachtaí leasa agus dílseachta.</li> </ul>		
<p>5.4. Déan deimhin de go bhfuil ag d'iontaobhaithe carthanais na fíorais a theastaíonn chun cinntí eolacha a dhéanamh ag cruinnithe boird agus go dtaifeadtar na cinntí sin go cruinn sna miontuairiscí.</p>		

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gvhanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
5.5. Déan breithniú ar theorainneacha téarma a thabhairt isteach do d'iontaobhaithe carthanais. Moltar go gcuirfeadh siad naoi mbliana ar a mhéad isteach.		
5.6. Earcaigh iontaobhaithe carthanais oiriúnacha nua, de réir mar is gá, agus déan deimhin de go bhfaigheann siad ionduchtú.		
5.7. Déan deimhin de go dtuigeann gach duine de d'iontaobhaithe: <ul style="list-style-type: none"> <li>■ an ról atá acu mar iontaobhaithe carthanais;</li> <li>■ doiciméad rialaithe an charthanais; agus</li> <li>■ an Cód seo.</li> </ul>		
5.8. Gabh ort féin fadhbanna agus saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a réiteach a luaithe is féidir agus le barr leasa do charthanais.		
5.9. Ó am go chéile, athbhreithnigh an dóigh a n-oibríonn do bhord agus déan aon fheabhsuithe a theastaíonn.		
<b>Caighdeáin bhreise</b>		
5.10. Déan deimhin de go seolann tú pacáí boird amach tamall dóthanach roimh ré agus go gcuireann tú gach tuarascáil agus gach páipéar míniúcháin atá ábhartha ar áireamh iontu chun cinnteoireacht eolach a chumasú.		

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gvhanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<p>5.11. Déan deimhin de go bhfuil plean comharbais iontaobhaithe carthanais i bhfeidhm agat agus breithnigh conas is féidir leat éagsúlacht a uasmhéadú i measc d'iontaobhaithe carthanais.</p>		
<p>5.12. Cuir clár ionductúcháin cuimsitheach i bhfeidhm d'iontaobhaithe carthanais nua.</p>		
<p>5.13. Déan athbhreithniú go rialta agus déan measúnú ar na nithe seo a leanas lena linn:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ a éifeachtaí atá do bhord ina iomláine, na sealbhóirí oifige agus na hiontaobhaithe carthanais aonair;</li> <li>■ an dóigh a bhfuiltear ag cloí le cód iompair an bhoird; agus</li> <li>■ struchtúr, méid, comhaltas agus téarmaí tagartha aon fhochoistí.</li> </ul>		
<p>5.14. Déan iniúchadh go rialta ar scileanna agus cuir oiliúint agus forbairt chuí ar fáil d'iontaobhaithe carthanais. Más gá, earcaigh daoine chun aon bhearnaí inniúlachta a líonadh ar bhord do charthanais.</p>		



## Prionsabal 6: Bheith cuntasach

Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gvhanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
<b>6. Na croíchaighdeáin le haghaidh bheith cuntasach</b>		
<p>6.1. Déan deimhin de go bhfuil ainm agus Uimhir Charthanais Chláraithe do charthanais ar taispeáint ar d'ábhair scríofa uile, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ do shuíomh Gréasáin;</li> <li>■ d'ardáin mheán sóisialta; agus</li> <li>■ do chumarsáidí ríomhphoist.</li> </ul>		
<p>6.2. Sainaitin do leas-sealbhóirí agus cinn conas a dhéanfaidh tú cumarsáid leo.</p>		
<p>6.3. Cinn cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh tú ról do do leas-sealbhóirí san obair seo a leanas agus conas a dhéanfaidh tú amhlaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ pleanáil;</li> <li>■ cinnteoireacht; agus</li> <li>■ próisis athbhreithniúcháin.</li> </ul>		
<p>6.4. Déan deimhin de go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm agat le haghaidh déileáil leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>■ ceisteanna;</li> <li>■ tuairimí; agus</li> <li>■ gearáin.</li> </ul>		



Caighdeáin	Na gníomhartha a dhéanann ár gvhanas chun na caighdeáin a chomhlíonadh	Fianaise ar ár ngníomhartha
6.5. Cloígh le ceanglais tuairiscithe gach duine de do mhaoinitheoirí poiblí agus príobháideacha agus de do dheontóirí poiblí agus príobháideacha.		
<b>Caighdeáin bhreise</b>		
6.6. Táirg cuntais airgeadais neamhghiorraithe (iomlána) agus déan deimhin de go bhfuil na cuntais sin agus tuarascáil bhliantúil do charthanas ar fáil go forleathan agus go bhfuil rochtain éasca ag aon duine orthu.		
6.7. Déan deimhin de gur nithe atá luaite go poiblí iad na cóid agus na caighdeáin chleachtais uile a ghlacann do charthanas.		
6.8. Déan athbhreithniú go rialta ar aon ghearáin a fhaigheann do charthanas agus déan gníomh chun feabhas a chur ar chleachtas eagrúcháin.		

## Aguisín 3: Acmhainní

An Rialálaí Carthanas	<a href="http://www.charitiesregulator.ie">www.charitiesregulator.ie</a>
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	<a href="http://www.cro.ie">www.cro.ie</a>
An Coimisiún Cosanta Sonraí	<a href="http://www.dataprotection.ie">www.dataprotection.ie</a>
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	<a href="http://www.hsa.ie">www.hsa.ie</a>
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	<a href="http://www.odce.ie">www.odce.ie</a>
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	<a href="http://www.revenue.ie">www.revenue.ie</a>
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	<a href="http://www.workplacerelations.ie">www.workplacerelations.ie</a>

Uimhir Thagartha an Doiciméid: CE CDE 8.2.1 001 Rev 000

Samhain 2018

An Rialálaí Carthanas

3 Duga Sheirse

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

[www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

© An Rialálaí Carthanas 2018